Treoirlíne Airgeadais P11-2022/2023

Bunscoileanna

Laethanta Saoire Poiblí 2023

1. Réamhrá

Ó 2023 ar aghaidh, beidh lá saoire poiblí bliantúil nua ann go luath i mí Feabhra mar chomóradh ar Lá Fhéile Bríde. Tiocfaidh an lá saoire poiblí ar an gcéad Luan de mhí Feabhra, seachas i gcás ina dtiteann Lá Fhéile Bríde (1 Feabhra) ar an Aoine, ina mbeidh an Aoine 1 Feabhra sin ina lá saoire poiblí. Beidh an chéad lá saoire poiblí seo ar an Luan 6 Feabhra 2023 an bhliain seo chugainn.

2. Laethanta saoire poiblí

Is iad seo a leanas dátaí na laethanta saoire poiblí in Éirinn do 2023:

Laethanta saoire poiblí 2022	
Lá Caille	1 Eanáir
An chéad Luan i mí Feabhra	6 Feabhra
Lá Fhéile Pádraig	17 Márta
Luan na Cásca	10 Aibreán
An chéad Luan i mí na Bealtaine	1 Bealtaine
An chéad Luan i mí an Mheithimh	5 Meitheamh
An chéad Luan i mí Lúnasa	7 Lúnasa
An Luan deireanach i mí Dheireadh Fómhair	30 Deireadh Fómhair
Lá Nollag	25 Nollaig
Lá Fhéile Stiofáin	26 Nollaig

Tugtar lá saoire bainc freisin ar lá saoire poiblí.

Tabhair faoi deara: Ní lá saoire poiblí é Aoine an Chéasta. Cé go ndúnann roinnt scoileanna agus gnólachtaí ar an lá sin, níltear i dteideal am saor ón obair sa ghnáthchúrsa.

3. Teidlíochtaí do laethanta saoire poiblí

Leagtar amach teidlíochtaí saoire poiblí fostaí san Acht um Eagrú an Ama Oibre 1997. Bíonn go leor fostaithe i dteideal saoire íoctha a fháil ar laethanta saoire poiblí. Tá eisceacht ann le haghaidh fostaithe páirtaimseartha áirithe.

3.1 Fostaithe páirtaimseartha

Bíonn fostaí páirtaimseartha i dteideal phá lae don lá saoire poiblí má shásaíonn siad an **dá** choinníoll sin araon:

1) D'oibrigh siad le d'fhostóir 40 uair an chloig ar a laghad sna 5 seachtaine roimh an lá saoire poiblí agus

2) Tagann an lá saoire poiblí ar ghnáthlá oibre duitse

Más gá duit obair ar an lá sin, beidh tú i dteideal pá le haghaidh lá breise.

Mura **n-oibríonn an fostaí de ghnáth** ar an lá áirithe sin, ba cheart dóibh aon chúigiú dá bpá seachtainiúil a fháil. Fiú amháin mura gcuirtear an fostaí ar uainchlár riamh le dul ag obair ar lá saoire poiblí, bíonn siad i dteideal ar aon chúigiú dá bpá seachtainiúil mar chúiteamh ar an lá saoire poiblí.

Mar shampla, conraítear fostaí le dul ag obair 15 uair an chloig in aghaidh na seachtaine ar an Máirt, ar an gCéadaoin agus ar an Déardaoin, agus a bhfuil ollphá €195 in aghaidh na seachtaine acu.

Don tseachtain ina dtagann lá saoire poiblí an Luain bíonn an fostaí i dteideal €39 (€195/5=€39) le haghaidh lá saoire poiblí an Luain.

Rud a chiallaíonn gurb ionann an t-ollphá iomlán don tseachtain sin agus €234 (€195+€39).

Má oibríonn an fostaí uaireanta athraitheacha ó sheachtain go chéile (cé is moite don ragobair), ba cheart an meánphá seachtainiúil le haghaidh na 13 seachtain roimh an lá saoire poiblí chun pá dlite don lá saoire poiblí a ríomh.

3.2 Nuair a thagann laethanta saoire poiblí ar an deireadh seachtaine

Má thagann lá saoire poiblí ar lá nach gnáthlá oibre le haghaidh na scoile é (mar shampla, ar an Satharn nó ar an Domhnach), bíonn tú fós i dteideal tairbhe an lae saoire phoiblí sin a bhaint. Ní bhíonn aon teidlíocht dhlíthiúil uathoibríoch agat ámh an chéad lá oibre eile a thógáil ón obair.

4. Tuilleadh eolais

Is féidir tuilleadh eolais maidir le laethanta saoire poiblí a fháil ar láithreán gréasáin Eolas do Shaoránaigh.

Guthán: 01 910 4020
Primary@fssu.ie

Nollaig 2022